# COMHAONTÚ COMHAIR

**Údarás Rialála Limistéir Mhuirí**

**&**

**Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt**

MARA
An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
Maritime Area Regulatory Authority



SETU
Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt
South East Technological University

www.maritimeregulator.ie

www.setu.ie

Rinneadh an comhaontú comhair seo an 17 Meán Fómhair 2025

**IDIR**:

**AN tÚDARÁS RIALÁLA LIMISTÉIR MHUIRÍ (“MARA”)**, Urlár a 2, Teach Menapia, Páirc Ghnó Dhraighní, Draighneach, Loch Garman, Y35 RF29

**AGUS**

**OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA AN OIRDHEISCIRT** (“**SETU**”), Bóthar Chorcaí Port Láirge X91 K0EK Éire

1. Sainmhínithe

Sa chomhaontú seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas –

ciallaíonn “**Comhaontú**” forálacha uile an Chomhaontaithe, de réir mar a fhéadfar ó am go ham iad a athrú idir na Páirtithe de réir Chlásal 2 den Chomhaontú;

ciallaíonn "**Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí [Acht MAP]**" an tAcht um Pleanáil Limistéar Mhuirí 2021 (arna leasú);

tá le“**Limistéar Muirí**” an bhrí a thugtar dó san Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí;

ciallaíonn “**Páirtithe**” MARA agus SETU.

ciallaíonn “**Acmhainn**” aon sócmhainn atá ar fáil do cheachtar páirtí chun a bhfeidhmeanna reachtúla faoi seach a chomhlíonadh.

1.2 Ní chuirtear na ceannteidil sa chomhaontú seo isteach ach amháin ar mhaithe le háisiúlacht agus ní dhéanfaidh siad difear dá leagan amach.

1.3 Áirítear i measc focal a thugann leo an uimhir uatha an uimhir iolra freisin agus a mhalairt.

1.4 Déanfar tagairt d'aon reacht, achtachán, ordú, rialachán nó ionstraim eile dá samhail (nó aon fhoráil de) a fhorléiriú mar thagairt do cibé reacht, achtachán, ordú, rialachán nó ionstraim eile dá samhail (nó aon fhoráil de) arna leasú, arna fhorlíonadh, arna mhodhnú, arna chomhdhlúthú, arna ionadú nó arna athachtú.

2. Cuspóir an chomhaontaithe seo

Is é cuspóir an chomhaontaithe seo comhoibriú idir MARA agus SETU A éascú i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi seach a mhéid a bhaineann siad leis an Limistéar Muirí.

3. Stádas agus Feidhmeanna na bPáirtithe

MARA

Is rialtóir é MARA a bunaíodh an 17 Iúil 2023. Leagtar amach feidhmeanna MARA san Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí, agus tá ról lárnach aige maidir le toilithe agus ceadúnais limistéar muirí a mheasúnú agus a dheonú le haghaidh gníomhaíochtaí agus forbartha sa limistéar muirí chomh maith le feidhmeanna reachtúla eile.

SETU

Is ollscoil teicneolaíochta í SETU a bunaíodh an 1 Bealtaine 2022 de bhun Acht na nOllscoileanna Teicneolaíochta 2018 agus tá sí tiomanta do shármhaitheas in oideachas fochéime agus iarchéime agus do chomhpháirtíochtaí fadtéarmacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a chruthú ar bhealach atá comhsheasmhach lena spriocanna straitéiseacha luaite. Mar chomhlacht a bunaíodh faoi achtachán is 'comhlacht poiblí' é SETU mar a shainmhínítear san Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí agus dá réir sin féadfaidh MARA agus SETU comhaontú comhair a dhéanamh mar a fhoráiltear faoi s.65(1) den Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí.

4. Forálacha Ginearálta

Gníomhaíonn na Páirtithe mar eintitis reachtúla neamhspleácha agus níl siad i dteideal comhaontuithe a thabhairt i gcrích thar ceann an Pháirtí eile, nó ar shlí eile ceangal nó ionadaíocht a dhéanamh ar an bPáirtí eile.

Níl na Páirtithe i dteideal cearta, ná oibleagáidí, cúraimí ná aon chuid den Chomhaontú seo a aistriú, a shannadh ná a fhochonradh chuig daoine eile.

Íocfaidh gach Páirtí a chostais féin i dtaca le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe seo agus, ach amháin mar a chomhaontófar a mhalairt roimh ré i scríbhinn, aon chostas nó speansais a eascróidh faoin gComhaontú seo.

Féadfar an Comhaontú seo a athrú tráth ar bith le toiliú an dá Pháirtí. Is i scríbhinn a bheidh aon athrú a chomhaontófar, síneoidh an dá Pháirtí nó a n-ionadaithe údaraithe é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar dháta a chomhaontóidh na Páirtithe agus foilseofar é i gcomhréir le clásal 9 anseo.

Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar an gComhaontú seo gach bliain ar a laghad nó arna iarraidh sin ag ceachtar Páirtí.

5. Comhar Ginearálta

Féachfaidh na Páirtithe le caidreamh straitéiseach agus tairbhiúil a spreagadh agus a chur chun cinn lena n-áireofar na réimsí seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:

a. Tacú le cúrsaí agus cláir oideachais a fhorbairt agus a sheachadadh i ndáil le Limistéar Muirí na hÉireann.
b. Comhoibriú ar thionscadail leasa fhrithpháirtigh laistigh de Limistéar Muirí na hÉireann.
c. Eolas a roinnt agus saineolas ábhair a chur ar fáil i réimsí leasa choitinn.
d. Eolas agus tuiscint ar na riachtanais reachtacha a chur chun cinn do pháirtithe atá ag feidhmiú i Limistéar Muirí na hÉireann.
e. An caidreamh a chur chun cinn go hoscailte agus ceangal a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta.

6. Faisnéis agus Comhairliúchán

Ní chuirfidh MARA faisnéis ar fáil ach do SETU atá san fhearann poiblí cheana féin. Maidir leis sin, is faoi lánrogha MARA amháin a chinnfear cén fhaisnéis atá san fhearann poiblí.

Ní chuirfidh SETU faisnéis ar fáil ach do MARA atá san fhearann poiblí cheana féin. Maidir leis sin, is faoi lánrogha SETU amháin a chinnfear cén fhaisnéis atá san fhearann poiblí.

Ní chuirfidh MARA aon sonraí pearsanta ar fáil do SETU.

Ní chuirfidh SETU aon sonraí pearsanta ar fáil do MARA.

Comhaontaíonn gach Páirtí go bhféadfaidh sé, arna iarraidh sin i scríbhinn, i gcás ina gcomhaontaíonn sé go bhfuil an iarraidh réasúnach, iomchuí agus incheadaithe faoi théarmaí reachtaíocht rialaithe gach páirtí faoi seach, comhairle nó faisnéis ábhartha atá ina sheilbh de chineál a shonraítear san iarraidh a sholáthar don Pháirtí eile. Luafar san iarraidh go bhfuil an chomhairle nó an fhaisnéis ag teastáil ón bPáirtí iarrthach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh agus tabharfar tuairisc inti ar na feidhmeanna ar leith a bhfuil an chomhairle nó an fhaisnéis ag teastáil ina leith.

Ní mór iarratais ar chomhairle nó ar fhaisnéis a dhéanamh i scríbhinn (chun amhras a sheachaint, cuimsíonn "scríbhinn" ríomhphoist). I gcásanna práinne, féadfar iarrataí ar chomhairle nó ar fhaisnéis a dhéanamh ó bhéal an chéaduair, agus féadfar a bhfreagraí a thabhairt ó bhéal, ar choinníoll go ndeimhnítear iarrataí agus freagraí i scríbhinn ina dhiaidh sin.

I gcás comhairle nó faisnéise arna soláthar de bhun an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm ag forálacha aon achtacháin a bhaineann le nochtadh faisnéise ag an bPáirtí is freagróir maidir leis an bPáirtí iarrthach.

Geallann na Páirtithe leis seo nach n-úsáidfidh siad an chomhairle nó an fhaisnéis ach amháin chun na gcríoch a thuairiscítear san iarraidh.

Más mian leis an bPáirtí iarrthach an chomhairle chomhroinnte nó an fhaisnéis chomhroinnte a úsáid chun aon chríche seachas na críocha a léirítear san iarraidh, ní mór dó formheas i scríbhinn a fháil ar dtús ón bPáirtí is freagróir

7. Comhar maidir le hacmhainní a chomhroinnt

Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bpáirtí eile acmhainní a roinnt i gcás ina sainaithnítear go bhfuil gá le comhroinnt na n-acmhainní sin chun críocha an chomhaontaithe seo a bhaint amach mar a leagtar amach i gclásal 2 den Chomhaontú seo.

Ní mór iarraidh ar chomhroinnt acmhainní a dhéanamh i scríbhinn (chun amhras a sheachaint, áirítear i "scríbhinn" ríomhphoist) agus sonrófar ann an chaoi a bhfuil comhroinnt na n-acmhainní sin ag teacht leis an gComhaontú seo.

Ar an gcomhaontú go roinnfear acmhainn, comhaontóidh an dá Pháirtí i scríbhinn an cineál acmhainne a bheidh le roinnt agus an fad ama a bheidh an acmhainn le roinnt agus aon choinníollacha a bhaineann le comhroinnt na hacmhainne.

Forchoimeádann gach Páirtí an ceart diúltú acmhainn a roinnt i gcás ina gcreideann sé nach bhfuil sé riachtanach chun críocha an Chomhaontaithe seo, go gcuireann sé ualach ar acmhainní an Pháirtí atá faoi réir na hiarrata nó go bhfuil sé ag cur feidhmeanna an Pháirtí i mbaol ar bhealach ar bith.

8. Maoin Intleachtúil

Fanann cearta maoine intleachtúla aon ábhair, lena n-áirítear lógónna nó ainmneacha, arna soláthar ag ceachtar Páirtí don pháirtí eile chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an bPáirtí soláthair. Ní cheadaítear d'aon tríú páirtí na hábhair a sholáthraíonn ceachtar Páirtí a úsáid gan cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón bPáirtí sin.

I gcás ina ndéanann SETU agus MARA aon ábhar a fhorbairt i gcomhpháirt, measfar gur comhúdar na n-ábhar sin iad sin agus deonaíonn SETU agus MARA ceadúnas neamheisiach, neamh-inaistrithe, saor ó ríchíosanna dá chéile chun na hábhair sin a úsáid.

Is leis an bPáirtí sin gach ceart, teideal agus leas in aon staidéar, tuarascáil nó ábhair eile a ullmhóidh Páirtí agus ní fhéadfar iad a úsáid ach amháin le cead i scríbhinn ón bPáirtí. Urramófar don fhoráil sin tar éis don Chomhaontú seo dul in éag nó tar éis foirceannadh an Chomhaontaithe seo. Tar éis fhoirceannadh an Chomhaontaithe seo, comhaontaíonn gach Páirtí scor láithreach d'úsáid a bhaint as ainm, agus lógó an Pháirtí eile in aon ábhar, meán agus postálacha meán sóisialta.

9. Foilseachán

Admhaíonn agus geallann gach Páirtí go gcomhlíonfaidh sé forálacha s.65(4) agus s.65(5) den Acht um Pleanáil Limistéar Mhuirí, a cheanglaíonn go gcuirfear an Comhaontú seo ar fáil do na hAirí iomchuí laistigh de mhí amháin ó dháta an Chomhaontaithe seo i dteannta na hoibleagáide an Comhaontú seo (lena n-áirítear aon athruithe air) a fhoilsiú ar a láithreáin ghréasáin faoi seach a luaithe is indéanta tar éis an Comhaontú seo (nó aon athrú air) a bheith déanta.

Comhaontaíonn gach Páirtí go soláthrófar aon ábhar (lena n-áirítear ábhair phoiblíochta), fógraí agus postálacha ar na meáin shóisialta don Pháirtí eile lena bhformheas 5 lá oibre ar a laghad roimh an dáta foilsithe atá beartaithe. Comhaontaíonn gach Páirtí nach bhfoilseofar aon ábhar in aon fhormáid gan formheas i scríbhinn a fháil roimh ré ón bPáirtí eile.

10. Fógraí

Mura sonraítear a mhalairt, is i scríbhinn a dhéanfar aon chumarsáid a bheidh le déanamh faoin gComhaontú seo nó i dtaca leis agus féadfar í a dhéanamh le litir nó le ríomhphost.

Measfar fógra le litir a bheith seachadta nuair a fhaightear é (má sheachadtar é de láimh) nó cúig lá oibre tar éis é a chur sa phost (má sheoltar leis an ngnáthphost réamhíoctha é) nó dhá lá oibre tar éis é a chur sa phost (má sheoltar leis an bpost cláraithe é).

11. An Comhaontú Iomlán

Is éard atá sa Chomhaontú seo an comhaontú iomlán agus an comhaontú sin amháin idir na Páirtithe. Admhaíonn gach Páirtí nár bhraith sé ar aon ionadaíocht nach leagtar amach go sainráite anseo.

12. Contrapháirteanna

Féadfar an Comhaontú seo a fhorghníomhú in aon líon contrapháirteanna nó níos mó, agus nuair a fhorghníomhófar gach ceann acu measfar gur comhaontú bunaidh é agus is é an comhaontú céanna a bheidh i ngach ceann de na contrapháirteanna le chéile.

13. Foirceannadh

Féadfaidh ceachtar páirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh, gan cúis ar bith, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile, chun éifeacht a bheith aige ar dháta atá mí amháin tar éis dháta an fhógra.

14. Coinbhleachtaí Leasa

Ní mór do cheachtar Páirtí aon choinbhleacht leasa iarbhír nó féideartha, bíodh sé gairmiúil nó tráchtála, a nochtadh go hiomlán láithreach i scríbhinn chuig an bPáirtí eile.

15. Dlí Rialaithe

Beidh an Comhaontú seo á rialú ag agus á fhorléiriú de réir dhlíthe na hÉireann. Cuireann gach páirtí a ghabhann leis seo faoi dhlínse eisiach Chúirteanna na hÉireann.

**DÁ FHIANAIS** sin forghníomhaíodh an Comhaontú seo ar an dáta ar an dáta a scríobhadh ar dtús thuas.

Post:
Le haghaidh agus thar ceann
**Údarás Rialála Limistéir Mhuirí**

Post:
Le haghaidh agus thar ceann
**Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt**